# Abair, Pléigh agus Scríobh le chéile!



PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

**RÓL:**
Cinntíonn **an tÉascaitheoir** go bhfuil gach duine sa ghrúpa ag comhoibriú lena chéile, go bhfuil gach duine dírithe ar an tasc foghlama, go mothaíonn gach duine lárnach sa phróiseas agus go mbíonn deis acu páirt a ghlacadh san obair.

**LEIDEANNA:**
- Cloisimis ó … anois.
- Suimiúil, ach fillimis ar an tasc anois.
- Féachaimis air seo arís.
- Cad iad na straitéisí a úsáidfimid chun é seo a chur i gcrích?
- Ar mhaith leat rud a rá faoi…?
- An aontaíonn gach duine go…?

**RÓL:**
Déanann **an Taifeadóir** nóta de smaointe, conclúidí agus cinntí an ghrúpa. Úsáideann sé/sí eagraí grafach, smeach-chairt nó cárta gníomhach foghlama leis na nótaí sin a chur in iúl.

**LEIDEANNA:**
- Cad a scríobhfaidh mé síos?
- Sílim go ndúirt tú…. An bhfuil an ceart agam?
- An scríobhfaidh mé an smaoineamh/tuairim sin?
- An gcuirfidh mé ciorcal timpeall ar/líne faoi na smaointe is mó a thaitníonn linn?
- Cuirfimid an tuairim sin leis an tuairim seo…
- An úsáidfidh mé grafach chun é sin a shoiléiriú?

**RÓL:**
Cinntíonn **an Maor Ama** go bhfaigheann gach duine sa ghrúpa deis cainte agus an méid céanna ama. Spreagann sé/sí an grúpa le fanacht ar thasc agus coimeádann sé/sí súil ar an am.

**LEIDEANNA:**
- Táimid leathbhealach tríd ag an bpointe seo.
- Tá cúig noiméad fágtha againn chun é seo a phlé.
- An féidir linn deireadh a chur leis an bplé seo tar éis trí noiméad eile le bhur dtoil?
- An féidir linn bogadh ar aghaidh chuig an gcéad rud eile le bhur dtoil?
- Ba mhaith liom cuireadh a thabhairt do….labhairt anois.
- An féidir liom iarraidh ar ……. a t(h)uairim a thabhairt ag an bpointe seo?

**RÓL:**
Cinntíonn **an Seiceálaí** go roinneann gach duine sa ghrúpa a chuid tuairimí. Cuireann sé/sí ceisteanna orthu le cinntiú go dtuigeann gach duine an t-ábhar. Is féidir leis an seiceálaí litriú/sonraí a chinntiú i bhfoclóir/sa leabhar/ar líne.

**LEIDEANNA:**
- Céard a chiallaíonn sé sin?
- An féidir leat é sin a shoiléiriú le do thoil?
- Ar mhiste leat é sin a rá uair amháin eile más é do thoil é?
- An bhfiosróidh mé sin sa leabhar/ i bhfoclóir/ar líne?
- Ar mhaith leat é sin a leathnú amach?

| Ag caint sa rang | Ag cur ceisteanna | Ag obair le chéile! | Briathra Modh ordaitheach | Aimsir chaite | Aimsir fháistineach | Aimsir láithreach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dia duit/ Dia leat!** | An bhfuil cead agam dul...? | Tuigim/ Ní thuigim | Abair | Dúirt | Déarfaidh | Deir |
| Anseo!/ i láthair/ as láthair | An bhfuil cead agam_____ a fháil? | Tá a fhios agam ach.../Níl a fhios agam... | Bain | Bhain | Bainfidh | Baineann |
| Níl sé/sí ar scoil inniu | An bhfuil cead agam ceist a chur ar..? | Táim i bponc. | Caill | Chaill | Caillfidh | Cailleann |
| Tá sé/sí fós breoite/tinn. | | Tá fadhb agam. | Cuardaigh | Chuardaigh | Cuardóidh | Cuardaíonn |
| Seo mo nóta duit. | An bhfuil cead againn tosú? | Rinne mé botún. | Déan | Rinne | Déanfaidh | Déanann |
| Seo mo dhialann duit. | Conas a déarfá ____ as Gaeilge? | Rinne mé dearmad glan ar... | Dear | Dhear | Dearfaidh | Dearann |
| **Gabh mo leithscéal.** | Conas a litreofá_______? | Ní féidir liom.../Nílim in ann... | Fág | D'fhág | Fágfaidh | Fágann |
| Le do thoil/Más é do thoil é | Litrigh é sin le do thoil | Chinntigh mé é le.... | Féach | D'fhéach | Féachfaidh | Féachann |
| **Comhghairdeachas** | Abair arís é le do thoil | Fuair mé amach go/gur... | Feic | Chonaic | Feicfidh | Feiceann |
| Comhghairdeas leat | | Thug mé faoi deara go/gur... | Fiosraigh | D'fhiosraigh | Fiosróidh | Fiosraíonn |
| Beannachtaí na Féile ort! | An miste (Ar mhiste) leat é sin a rá arís? | Ba mhaith liom a rá go/gur... | Léigh | Léigh | Léifidh | Léann |
| Tréaslaím leat/libh! | An miste leat sin a scríobh ar an gclár bán? | Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le... | Mínigh | Mhínigh | Míneoidh | Míníonn |
| Mí-ádh! | An bhféadfá cabhrú liom? | Chuardaigh mé ar líne. | Pléigh | Phléigh | Pléifidh | Pléann |
| Maith thú! | Tig leat cabhair a thabhairt dom? | Tháinig mé ar seo ar líne! | Scríobh | Scríobh | Scríobhfaidh | Scríobhann |
| Ar fheabhas! | An cuma leat má...? | D'oibrigh mé le... | Scrúdaigh | Scrúdaigh | Scrúdóidh | Scrúdaíonn |
| Tá sin go hiontach! | | Táim ag comhoibriú le... | Taispeáin | Thaispeáin | Taispeánfaidh | Taispeánann |
| **Bíodh lá deas agat.** | An féidir liom foclóir/ríomhfhoclóir a | Bhain mé úsáid as... | Tosaigh | Thosaigh | Tosóidh | Tosaíonn |
| Slán leat. | úsáid? | Ar dtús/ I dtosach báire | Tuig | Thuig | Tuigfidh | Tuigeann |
| **Go raibh maith agat.** | An féidir liom fiosrú ar líne? | Ansin/ ina dhiaidh sin/ Ar deireadh | Úsáid | D'úsáid | Úsáidfidh | Úsáideann |

# Téarmaí Litríochta & Scannánaíochta

| Briathra | Ainmfhocail | Aidiachtaí | | Ainm Briathartha | Mothúcháin | Téarmaí | Réamhfhocail chomhshuite |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An chopail 'is' | bean | álainn | fada | ag tabhairt | áthas | aisteoir | in aice |
| Bí | bás | borb | fuar | ag úsáid | brón | amhrán | in aghaidh |
| Braith | béim | cainteach | fuarchúiseach | ag léiriú | cumha | atmaisféar | i rith |
| Ceap | caidreamh | casta | gairid | ag taispeáint | déistin | codarsnacht | ar feadh |
| Clois | carachtar | cineálta | gealgháireach | ag féachaint | díomá | culaith | ar nós |
| Cruthaigh | daoirse | ciotach | lách | ag déanamh | éad | fo-theidil | i lár |
| Cuir | díoltas | cliste | láidir | ag léamh | eagla | fuaim | ar son |
| Déan | dóchas/éadóchas | cruálach | macánta | ag insint | faoiseamh | fuaimrian | de bharr |
| Feic | draíocht | dall | mailíseach | ag cur | fearg | graificí | **Réamhfhocail shimplí** |
| Féach | fear | dathúil | morálta | ag rá | fuath | meafar | de, do, faoi, ó roimh, trí |
| Inis | greann | dea - scríofa | muiníneach | **Téamaí** | grá | mioncharachta(i)r | um, ar, gan, mar, idir, thar |
| Léigh | meas | deacair | mífhoighneach | easpa tuisceana | imní | príomhcharachta(i)r | os, chuig, dar, le, as, ag, i |
| Léirigh | nádúr/ dúlra | dáiríre | mímhacánta | cearta daonna | isle brí | radharc | **Forainmneacha** |
| Muscail | páiste | dílis | míthrócaireach | daoirse | ocras | scríbhneoir | mé, tú, sé, sí, (thú, é, í) |
| Ól | saint | dícheallach | saonta | drochmheas sa sochaí | sceitimíní | seat | sinn/muid, sibh, siad (iad) |
| Tabhair | saoirse | ealaíonta | sean | soineantacht na hóige | tart | stiúrthóir | mise, tusa, seisean, sise |
| Taispeáin | sláinte | éifeachtach | soiléir | Cás na mban/na bhfear | tuirse | suíomh | sinne/muidne, sibhse, siadsan |
| Úsáid | teannas | éasca | soineanta | bochtanas | uaigneas | údar | eisean, ise, iadsan |

CC BY SA © PDST 2018

# Litríocht - Forbairt agus Feasacht Teanga

| Frásaí úsáideacha | Abairtí úsáideacha |
|---|---|
| Taitníonn/ní thaitníonn an dán/an scannán/an scéal seo liom | Tugann an file/stiúrthóir/scríbhneoir cur síos/tuiscint éifeachtach dúinn ar X |
| sa véarsa/radharc/chaibidil deireanach | Tugtar cur síos/léiriú/léargas éifeachtach dúinn ar X |
| grá don dúlra/chultúr/fharraige | Sa chéad véarsa/radharc/chaibidil, tugann an file/stiúrthóir/scríbhneoir íomhá dúinn de X |
| sa chéad /dara/ tríú véarsa/radharc/chaibidil | Cruthaíonn an file/stiúrthóir/scríbhneoir atmaisféar X… (Cruthaítear atmaisféar X…) |
| Tugann/cruthaíonn/úsáideann/léiríonn/taispeánann/déanann /braitheann/cuireann/músclaíonnn/míníonn/tá an file | Cruthaíonn/úsáideann an file/stiúrthóir/scríbhneoir íomhánna éifeachtacha, ealaíonta , mealltacha sa dán/scannán/scéal (Cruthaítear/úsáidtear). |
| friotal gearr gonta/friotal deas simplí/friotal casta/caint ghonta/caint dheas shimplí/caint chasta/caint mhaslach | Úsáideann an file/stiúrthóir/scríbhneoir X chun béim a chur ar mhothúcháin an dáin/an charachtair/an scéil (Úsáidtear). |
| Mothaím/Ceapaim/sílim go bhfuil/nach bhfuil | Léiríonn an file/carachtar go soiléir go bhfuil imní/áthas/brón/fearg air/uirthi (Léirítear). |
| an téama/mothúchán is láidre | Léiríonn an file/stiúrthóir/scríbhneoir X sa chéad/dara...véarsa/radharc/chaibidil (Léirítear X). |
| Is é mo thuairim ná... | Feictear dom go bhfuil X le brath ag deireadh an dáin/ an scannáin/ an scéil. |
| Is é X téama an dáin/an scannáin/an scéil seo. | Taispeánann an file/stiúrthóir/scríbhneoir X ag deireadh an dáin/scannáin/an scéil (Taispeántar). |
| Is cosúil go bhfuil... | Chuir an dán/scannán/scéal seo ag smaoineamh mé/ Chuir sé X i gcuimhne dom. |
| Feictear/tugtar/cruthaítear/úsáidtear/léirítear/taipeántar/ déantar/cuirtear/músclaítear/mínítear X sa chéad/dara véarsa | Tá codarsnacht le feiceáil idir véarsa/radharc/chaibidil a haon agus a dó. |
| Nochtaítear dúinn | Baintear feidhm chliste as an gceol/bhfuaim/gcur síos chun mothúcháin/atmaisféar/tuiscint a threisiú. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Tuiseal ginideach** | ainm an fhile/stiúrthóra/scríbhneora | tús an dáin/an scannáin/an scéil | áilleacht na farraige | caint na ndaoine |
| easpa tuisceana | saol an fhile/stiúrthóra/scríbhneora | i lár an dáin/an scannáin/an scéil | soineantacht /draíocht na hóige | tréithe na gcarachtar |
| cearta daonna | teideal an dáin/an scannáin/an scéil | deireadh an dáin/an scannáin/an scéil | éirí na gréine | cás na mban |
| cúrsaí folláine | téama an dáin/an scannáin/an scéil | éifeacht an cheoil | saibhreas an tsaoil | éifeacht na bhfocal |

© PDST 2018

# Abair, Pléigh agus Scríobh le chéile!

### Rudaí a chur in ord

mar thús/ ar dtús
i dtús báire/ i dtosach báire
ansin
ina dhiaidh sin
sa deireadh thiar thall
mar fhocal scoir
i ndeireadh na dála
ar deireadh

### Cúis a léiriú

mar sin
sin an fáth
ar an ábhar sin
dá bhrí sin
toisc
uaidh seo
mar gheall air sin
ionas go/sa chaoi is go

### Comparáid agus Codarsnacht

mar a chéile
Is ionann
mar an gcéanna le
cosúil le
ar an gcuma chéanna
difríocht idir
difriúil óna chéile
a mhalairt
éagsúil óna chéile

### Cathain/Cén uair?

nuair/nuair a
fad a
ó
a luaithe agus
ní túisce ná
ar dtús
roimh/roimhe sin
tar éis/tar éis sin
le déanaí/ar na mallaibh/le gairid
idir an dá linn
ar deireadh
as seo amach
amach anseo
sa todhcaí
go rialta
go minic
i gcónaí
i dtólamh
feasta
go deo
go brách
riamh

### Tuairim eile

thairis sin
fosta
freisin
agus
mar an gcéanna
mar a chéile
le cois
ina theannta sin
ar a bharr sin
lena chois sin
chomh maith leis sin
in ainneoin sin ar fad
dá bharr sin
ciallaíonn sin
mar sin
b'fhearr a rá
anuas air sin
chun tacú leis sin
ceapaim
sílim
is é mo bharúil ná/Is é mo thuairim ná

### Aontaím/Ní Aontaím/Nílim cinnte

glacaim le
tigim leat go hiomlán
réitím le
ámh
in ainneoin sin
in ionad sin
diomaite de
cé is moite de
faoi mar
seachas
ní mór do
cinnte dearfa
ní ghlacaim le
murach sin
taobh amuigh de sin
ar an lámh eile
os a choinne sin
ina áit sin
fós
cé go
fiú amháin
ar aon chuma
pé scéal é
ach
áfach
mar sin féin
ina dhiaidh sin féin
bíodh sin mar atá
seachas sin
seans
b'fhéidir
thiocfadh dó
é sin ráite
(Táim) amhrasach faoi

### Pointe ar leith a dhéanamh

Maidir le
I dtaca le
Tagraím do
De réir sin
Is ionann sin is a rá
'Séard atá mé ag rá ná
Len é a chur ar bhealach eile
Len é a chur i bhfocail eile

### Cúis a léiriú

mar sin
sin an fáth
ar an ábhar sin
dá bhrí sin
toisc
uaidh seo
mar gheall air sin
ionas go/sa chaoi is go

### Ráitis chun mo thuairimí a chur in iúl

- Tá an cheist seo pléite agus athphléite againn/ag polaiteoirí, ag iriseoirí agus ag saineolaithe/ag an bpobal i gcoitinne.
- Is cosúil go bhfuil ag teip orainn, go dtí seo, teacht ar réiteach sásúil ar an scéal/bhfadhb seo.
- Ní gá dúinn ach éisteacht le ceannlínte na nuachta lá ar bith agus cloisfimid tagairt éigin do X.
- Ábhar conspóideach is ea é gan amhras.
- Is mór an náire é scéal mar seo a bheith ag titim amach sa tríú mílaois.
- Is é mo thuairim ná go bhfuil meascán de chúiseanna leis an bhfadhb chasta seo.
- Anuas air sin, ní dóigh liom go bhfuil mórán á dhéanamh ag X.
- Ní féidir a shéanadh ach gur deacair fadhb mar seo a réiteach, ach ní mór dúinn rud éigin fiúntach a dhéanamh láithreach.
- Mar a luaigh mé cheana ní fadhb shimplí í agus dá bhrí sin, ní bheidh réiteach simplí i gceist.
- Mar fhocal scoir/ I ndeireadh báire/ Ar deireadh thiar thall/ Agus deireadh ráite/I ndeireadh na dála/

### Ceisteanna agus Freagraí - Díospóireacht ranga

| | |
|---|---|
| Cad é do thuairim faoi? | Is é mo thuairim faoi, ná |
| Cad a cheapann tú faoi? | Is éard a cheapann mé faoi ná… |
| Cén fáth go ndeir tú sin? | Deirim sin mar.. |
| Cá bhfuil an fhianaise? | Tá an fhianaise anseo |
| Cé eile a aontaíonn leis seo? | Aontaím leis seo |
| Conas a mhíneofá é? | Mhíneoinn mar seo é |
| An dóigh leat go bhfuil cúis leis? | Is/ní dóigh liom go bhfuil cúis leis |
| Ar smaoinigh tú riamh ar..? | Smaoinigh mé/ níor smaoinigh mé |
| An féidir leat sampla a thabhairt dom? | Is/Ní féidir liom sampla a thabhairt duit |
| An aontaíonn tú le..? | Aontaím le… |
| An bhfuil réiteach agat ar..? | Tá/níl réiteach agam ar… |
| Ar thug tú faoi deara go..? | Thug/níor thug |
| An? - Ní | Ar? - Níor |

cc BY SA © PDST 2018